



13/03/2023

Gaelscoil Thaobh na Coille

Beatha Teanga í a Labhairt



Aire Oideachais na Breataine Bige, Mr. Jeremy Miles ar cuairt ag Gaelscoil Thaobh na Coille ar Lá Fhéile Naomh Daithí

Chwarae yn Gymraeg - Ag Imirt Tré Bhreatnais

Rinne Urdd Gobaith Cymru teagmháil le Gaelscoil Thaobh na Coille féachaint an mbeadh suim ag an scoil páirt a ghlacadh ina gclár Breatnaise agus Cultúir. Is é Urdd Gobaith Cymru (Urdd) an eagraíocht óige náisiúnta is mó sa Bhreatain Bheag agus cuireann sé spóirt, ealaíon, obair dheonach, printiseacht, caitheamh aimsire allamuigh, deiseanna daonnúla, idirnáisiúnta agus cónaithe ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga ar fud na Breataine Bige a threisiónn a bhféinmhuinín agus a chuireann ar a gcumas cur go dearfach lena b'pobal agus leis an domhan mór.

Ó bunaíodh é i 1922, tá breis is ceithre mhilliún páiste agus duine óg ina mbaill den ghluaiseacht agus chothaigh sé na glúnta daoine óga le bheith bródúil as a dtír, oscailte do dhaoine eile agus ina gcorpráidí beo dá dteanga agus dá gcultúr. Tá sé mar aidhm ag Urdd Gobaith Cymru an Bhreatnais a bheith mar teanga beo i measc páistí agus daoine óga sa Bhreatain Bheag agus cur lena n-úsáid den Bhreatnais.

Bhí foireann an Urdd sa scoil an tseachtain seo chaite ag obair le R5A & R5B. B'í aidhm na cuairte ná a gcultúr agus a dteanga a roinnt leo. Reachtáil siad seisiúin Spóirt & Cultúir leis an dá rang thar 2 lá. Chuir siad an clár 'Chwarae yn Gymraeg' nó 'Ag Imirt tré Bhreatnais' ar bun leis na páistí agus is i mBreatain amháin a reachtáilleadh na seisiúin spraoi sin (tumoideachas). Bhí dhá lá thar a bheith taitneamhach, gníomhach, spraoiúil ag na páistí agus bhaineadar an-sult go deo as an eispéaras.

Thug Aire Oideachais na Breataine Bige, Mr Jeremy Miles cuairt ar an scoil ar an gCéadaoin 01 Márta, Lá Naomh Daithí - Lá Fhéile Náisiúnta na Breataine Bige. Bhí sé an-tógtha leis an gclár teanga/tumoideachais atá bhí ar bun sa scoil agus bhain sé an-taitneamh as bualadh leis na páistí agus iad a fheiscint ag foghlaim Breatnaise. Léirigh sé an-spéis freisin sa Ghaelscolaíocht agus an-spéis aige foghlaim faoin obair a déantar 'sna Gaelscoileanna agus in Éirinn go coitianta leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Bhí daltaí R5 ar bís freisin mar go rabhadar ar Nuacht TG4 an tráthnóna sin agus san Irish Independent & An Irish Times (ar-líne) an lá dar gcionn!



Baill d'fhoireann Urdd ag stiúradh na ndaitai



An tAire Oideachais Jeremy Miles ag breathnú ar na páisrí ag spraoi tré Bhreatnais

Chwarae yn Cymraeg - Playing through Welsh

Gaelscoil Thaobh na Coille was approached by Urdd Gobaith Cymru to see if the school would be interested in participating in their Welsh language & Culture outreach programme. Urdd Gobaith Cymru ([Urdd](#)) is Wales' largest national youth organisation and provides sports, arts, volunteering, apprenticeship, outdoor pursuits, humanitarian, international and residential opportunities for children and young people through the Welsh language that builds their self-confidence and enables them to make a positive contribution to their community and the wider world.

Since it was established in 1922, over four million children and young people have been members of the movement and it has nurtured generations of young people to be proud of their country, open to others and living embodiments of the Welsh language and culture. Urdd Gobaith Cymru aims to bring the Welsh language alive for children and young people in Wales and to increase their use of Welsh.

The Urdd team were in the school last week working with R5A & R5B. The aim for their visit was to share some aspects of the Welsh culture and language with our pupils. They held Sports & Culture sessions with both classes over the 2 days. These sessions come under the banner 'Chwarae yn Gymraeg' (Playing through Welsh) and these sessions were conducted solely through Welsh (total immersion). The pupils enjoyed two very engaging, active, fun-filled days and thoroughly enjoyed the whole experience.

The Welsh Minister for Education & the Welsh Language, Mr. Jeremy Miles visited the school to see the project in action on Wednesday the 1st of March - which coincided with St. David's Day - the day the Welsh people celebrate their patron Saint.

He was very impressed with how the language/immersion program was being implemented in our the school and he was very pleased to meet the children and see them learning Welsh. He was extremely interest in learning about the Irish education system and was keen to hear about the work that is done in Gaelscoileanna and in Ireland in general to promote the Irish language.

The icing on the cake for the pupils in R5 was being featured on Nuacht TG4 that evening and also in the Irish Independent & The Irish Times (on-line) the following day!!



Chwarae yn Gymraeg - Ag Imirt tré Bhreatnais



Tionól Scoile do Lá Naomh Daithi



Córfhéile na Scoileanna, B.Á.C

Banna Ceoil Ghaelscoil Thaobh na Coille ar an ardán sa Lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht

Bhí oíche álainn againn sa Lárionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht ar an gCéadaoin seo chaite nuair a ghlac banna ceoil na scoile agus cór ranga R4A & R4B páirt i gCórfhéile na Scoileanna. Ní gá a rá ach go raibh tuismitheoirí agus foireann na scoile a bhí i láthair thar a bheith bródúil as na páistí ar fad ó Ghaelscoil Thaobh na Coille a bhí thuas ar an ardán an oíche sin. Is eagraíocht dheonach neamhbhrabúis é Córfhéile a bhfuil sé mar aidhm aige deis a chur ar fáil do pháistí bunscoile ar fud Bhaile Átha Cliath a bheith ag seinm i bhféile cheoil neamhiomaíoch. Déanann na páistí a ghlacann páirt sa Chórfhéile é sin ar mhaithe le taitneamh a bhaint as amhránaíocht, ar mhaithe le grá a bheith acu do sheinm ceoil nó ar mhian leo páirt a ghlacadh i ndrámá nó i ndrámáíocht. Tá sé mar chuspóir ag an gCórfhéile muinín agus féinmheas a chothú sna páistí tré bheith ag seinnt os comhair lucht éisteachta mór. Bhí an dá ghrúpa; an banna ceoil agus cór R4A & R4B ar fheabhas ar fad agus ní fhéadfaimís a bheith níos bródúla astu. Léirigh siad fíor-spiorad dhaltaí Ghaelscoil Thaobh na Coille agus gach duine acu ag cur 100% isteach sa chur i láthair. Buíochas leis na múinteoirí a théann i mbun an bhanna ceoil, Eavan Ní Mhuirgheasa, Sadhbh Rosenstock, Lauryn Bhreathnach, & Niamh Ní Dhúill. Buíochas freisin le múinteoirí R4A & R4B Maoilíosa Ó Dúbhthaigh agus Deirdre Uí Dhiomasaigh as an cór ranga a réiteach agus buíochas ar leith do Dheirdre a chuaigh i mbun an chóir a ullmhú agus a stiúradh.

We had a lovely night at the National Basketball Arena in Tallaght last Wednesday when the bann ceoil scoile and R4A & R4B class choir took part in the Córfhéile na Scoileanna. Needless to say that all parents and staff present were extremely proud of all the Gaelscoil Thaobh na Coille pupils who graced the stage on the night. Córfhéile is a non-profit making, voluntary organisation that aims to provide an opportunity for children in primary school right around Dublin to perform in a non-competitive music festival. The children that perform in the Córfhéile do so for the enjoyment of singing, for the love of playing music or the desire to participate in a play or drama. Córfhéile is about developing confidence and a feeling of self-esteem for having performed in front of a large audience. Both groups; the school band and R4A & R4B's choir excellent on the night and we couldn't be more proud of them. They showed 'the real Gaelscoil Thaobh na Coille school spirit' as each and every pupil put 100% into the performance. Buíochas to the teachers who lead the band, Eavan Ní Mhuirgheasa, Sadhbh Rosenstock, Lauryn Bhreathnach, & Niamh Ní Dhúill. Thanks also to the teachers from R4A & R4B Maoilíosa Ó Dúbhthaigh and Deirdre Uí Diomasaigh for organising the class choir, with a special mention for Deirdre who prepared and conducted the choir on the night.



Cór R4A & R4B faoi stiúir an Múinteoir Deirdre Uí Dhiomasaigh, ar an ardán sa Chórfhéile i dTamhlacht



Cairdeas - Friendship

Ba é **CAIRDEAS** an téama a bhí ag an dtionól a bhí ag na ranganna sóisearacha sa halla i mí Feabhra (N1 – R2). Le cabhair na bpáistí pléadh na tréithe a bhíonn ag cara maith.

FRIENDSHIP was the theme of the assembly that was held in February for the junior classes (N1 – R2). With the children's help the characteristics of a good friend was discussed.

- C** Ceoladh: Is **CARA CINÉALTA** agus **CABHRACH** í. *She is a kind (CINÉALTA) and helpful (CABHRACH) friend.*
- A** Alex: Tá **AGHAIDH** cairdiúl aige agus peasantacht **ÁLAINN**. *He has a friendly face (AGHAIDH) & a beautiful (ÁLAINN) personality.*
- I** Iarlaith: Tá sé **IONTACH** Cairdiúl. *He is very (IONTACH) friendly.*
- R** Ruairí: Tá sé an-mhaith ag **ROINNT** le páistí eile. *He is very good at sharing (ROINNT) with other children.*
- D** Daniel: Is cara **DEAS** é agus is **DLÚTHCHARA** é le Dara. *He is a nice (DEAS) friend and he is close friends (DLÚTHCHARA) with Dara.*
- E** Eimear: Tá sí **EACHTRÚIL**, **EOLASACH** agus **ÉISTEANN** sí lena cairde. *She is adventurous (EACHTRÚIL), knowledgeable (EOLASACH) and listens (ÉISTEANN) to her friends.*
- A** Ally: Tá **AGHAIDH** cairdiúl aici agus peasantacht **ÁLAINN**. *She has a friendly face (AGHAIDH) & a beautiful (ÁLAINN) personality.*
- S** Sam: Tá sé **SMAOINTEACH**. *It's thoughtful (SMAOINTEACH)*



Rabhlóg Tongue Twister Bain triail asti - Give it a go!

Bhí bean ag Joe, bhí banjóg ag Joe, bhí banjóg ag bean Joe

B'fhéarr go deo Joe ar an mbanjóg ná bean Joe ar an mbanjóg go deo!



Bainistiú Tráchta CÓRAS TRÁCHTA AON SLÍ



Traffic Management ONE-WAY SYSTEM

Tá córas tráchta aon slí i bhfeidhm againn ar an mbóthar lasmuigh de láthair na scoile & laistigh de gheataí na scoile. Cuireadh i bhfeidhm é go príomha leis an ngluaiseacht tráchta a éascú agus le sábháilteacht na bpáistí a chinntiú agus iad ag turlaingt as na carranna.

- Tá dhá gheata scoile ann: An geata ISTEACH & an geata AMACH. Tiomáin isteach an geata is faide uait (an dara gheata) & amach an geata is cóngaraí do Bheallairmín (an chéad gheata)
- Gluaiseann na carranna ar fad san aon treo amháin ón uair go dtrasnaíonn siad céad gheata na scoile.
- Gluaiseann na carranna ar fad thar an chéad gheata, isteach an dara gheata agus amach an chéad gheata arís.

Ciallaíonn sé seo gur féidir leis an trácht gluaiseacht go héasca gan dul i ngleic le carranna atá ag gluaiseacht sa mhalairt treo.

We operate a one-way system on the roadway directly outside the school and inside in the school grounds. It was put in place primarily to facilitate the flow of traffic and to ensure the safety of the children as they disembark from cars.

- There are two gates to the school. One entrance gate (ISTEACH) & one exit gate (AMACH).
- Enter by the furthest gate (the 2nd gate) and exit by the gate nearest to Belarmine Estate (the 1st gate).
- On passing the first school gate all cars travel in the same direction (one-way in operation).
- All cars travel past the first gate, in the second gate and out the first gate to leave the area again.

This allows traffic to flow without having to contend with drivers making u turns or cars driving in the opposite direction.

PÁIRCEÁIL ar fhearann na scoile. Is d'fhoireann na scoile amháin na hionaid páirceála os comhair na scoile amach. Is do thuistí/feighlithe na hionaid páirceála (24) in aice leis na cúirteanna cispheile. Ná páirceáil ach 'sna háiteanna atá ceadaithe. Ná páirceáil ar chosán nó ar chiumhais féir.



PARKING on School Grounds

Parking in the car parking spaces to the front of the school is reserved for school staff only. Parents/minders may park in the parking spaces (24) beside the basketball courts. Park only in designated areas. Do NOT park on footpaths or grass verges.

Córas Tuirlingthe Tá córas tuirlingthe i bhfeidhm ionas gur féidir le tuistí tiomáint isteach ar láthair na scoile, daltaí a scaoileadh amach as an gcarr agus tiomáint ar aghaidh amach geata na scoile arís Ceadaítear do charranna stopadh go sealadach chun tosaigh ar ionaid páirceála na foirne le páistí a scaoileadh amach (cosán coisithe marcáilte ar an mbóthar).

Drop and Go A drop & go system is in place so that parents may drive in through the school gates, stop momentarily to allow their children to alight the car and continue on with their journey. Cars dropping off children may stop briefly in front of the staff parking area to allow children to disembark (pedestrian walkway marked on the roadway).

Scoitheadh Coiscithe Níor cheart d'aon charr tiomáint thar charr eile ar fhearann na scoile - Is ceart fanacht i scúinne go mbíonn an carr os comhar réidh le bogadh ar aghaidh.

No Overtaking Drivers should not overtake each other when on school grounds - **cars should stay in-line until the car in front is ready to move on.**

Caithfidh gach duine atá ag tiomáint nó ag páirceáil ar láthair na scoile a bheith airdealach & súil a choiméad amach don pháiste a d'fhéadfadh rith nó siúl amach os comhair an chairr gan choinne.

Everyone driving or parking on school grounds must be extra vigilant and keep an eye out at all times for the child who might unexpectedly step out in front of the car.

Níl sé ceadaithe páirceáil dúbailte a dhéanamh os comhair na scoile, ar feadh tréimhse ama ar bith.

Double parking to the front of the school, for any length of time is NOT permitted at any time.

Trasnú Coisithe Baintear an-úsáid as an dá thrasnú coisithe atá ar fhearann na scoile. Is gá d'éinne atá ag tiomáint & ag páirceáil sa scoil aire agus cúram ar leith a thabhairt agus iad ar láthair na scoil agus súil a choinneáil amach do pháistí i gcónaí.




Pedestrian Crossing The two pedestrian crossings on the school grounds are busy crossing areas. Everyone driving on school grounds must exercise extreme care and vigilance as they drive in and out of the school and should always keep an eye out for children.

Iarraim ar thuismitheoirí cúrsaí sábháilteacht bóthar a phlé leis na páiste(i) sa bhaile.

We ask parents to discuss and reinforce road safety rules with the child/children at home.

N1 go R2 Seachtain na Gaeilge



D'fhoghlaim na páistí ar fad ó ranganna na naonáin go rang a 2 amhráin ón albam 'Teach Teidí' mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. D'fhoghlaim na ranganna ar fad amhráin éagsúla agus tháinig siad le chéile ar an Aoine len iad a chanadh dá chéile. Tharraing siad pictiúr álainn de na hamhráin freisin. Roghnaíodh sár-phictiúr agus sár-amhránaí ó gach rang agus fuair na buaiteoirí cóip den leabhar álainn 'Teach Teidí' mar dhuais.



D'eisigh Sadhbh Rosenstock a céad Albam 'Picnic Teidí' anuraidh & is é 'Teach Teidí' an dara albam den tsraith chéanna. Tá an dá albam seo lán le rannta agus amhráin spráíúla, spleodrach & baineann na páistí fíor-thaitneamh as iad a chanadh le chéile.



Tionól Amhránaíochta Teach Teidí

As part of our activities for Seachtain na Gaeilge the children from N1 to R2 learnt songs from the CD 'Teach Teidí'. All the classes learnt different songs and came together to sing them for each other. They also drew pictures of their favourite songs. A prize of the 'Teach Teidí' Book or CD was awarded to the best singer and the best picture in each class.



Sadbh Rosenstock released her first Album 'Picnic Teidí' last year and 'Teach Teidí' is the second Album of the same series. Both albums are full of fun, exciting rhymes and songs and the children really enjoy singing them together.



Múinteoir Sadhbh Rosenstock





Cór Náisiúnta na nÓg

Beidh daltaí R5 agus R6 ag glacadh páirt i gceolchoirm **Cór Náisiúnta na nÓg** (cór le > 550 páiste) sa **Lárionad Náisiúnta Chispheile i dTamhlacht** ar an **gCéadaoin 26 Aibreán ag a 8.00pm**. Beidh gach dalta i R5 & i R6 ag canadh sa cheolchoirm.

Tá na daltaí ag foghlaim na 3 amhrán dheireanacha ón gclár 15 amhrán faoi láthair. Is iad sin: 'With or Without You' de chuid U2, amhrán spraiúil snagcheoil darb ainm 'Mary had a Little Lamb' agus 'Take a Chance on Me' le Abba.

Beidh ár gcleachtadh grúpa deiridh againn i nGaelscoil Thaobh na Coille an Chéadaoin roimh laethanta saoire na Cásca nuair a bheidh daltaí Scoil Náisiúnta na Tríonóide Naofa, Baile na Lobhar agus Bunscoil Réalt na Mara, Dumhach Trá in éineacht linn.

Ina dhiaidh sin beidh orainn snas a chuir ar na hamhráin ar fad le go mbeimid réidh don cheolchoirm mór i mí Aibreán

National Children's Choir

*The pupils from R5 & R6 will be singing in the **National Children's Choir, Dublin Regional Concert in the National Basketball Arena, Tallaght on Wednesday the 26th of April at 8 o'clock.** Every pupil in R5 & R6 is singing at the concert.*

The pupils are learning the last 3 songs in the repertoire of 15 songs at the moment. They are: U2's 'With or Without You', a jazzy fun number called 'Mary had a Little Lamb' and Abba's 'Take a Chance on Me'.

We will have our final group rehearsal in Gaelscoil Thaobh na Coille the Wednesday before the Easter holidays when we will be joined by the pupils of Holy Trinity National School, Leopardstown and Star of the Sea BNS, Sandymount.

After that we will have to polish and perfect all 15 songs to be ready for the big concert in April.



Daltaí Gaelscoil Thaobh na Coille ag canadh sa Cheolchoirm Réigiúnach i dTamhlacht in Aibreán 2019 (roimh Covid!)



Céilí Clainne Seachtain na Gaeilge

Bhí an-atmaisféar go deo le brath i halla na scoile oíche Aoine ag an gCéilí Clainne a d'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí. Bhí sé go hálainn na páistí agus na tuismitheoirí a fheiceáil thuas ar an urlár ag rince agus ag baint sult as an oíche.

There was a great atmosphere in the hall on Friday evening at the Céilí organised by Coiste na dTuismitheoirí. It was lovely to see all the children and parents up on the dance floor enjoying the night.



Dúshlán Teaghlaigh Seachtain na Gaeilge

Tá dúshlán teaghlaigh á thabhairt againn díbh mar chuid d'imeachtaí scoile sheachtain na Gaeilge! Tá trí dhúshlán ann do gach clann, ceann amháin don Luan, ceann don Mháirt agus ceann eile don Chéadaoin.

Beidh sé de rogha ag na daltaí an ghnáth-obair bhaile a dhéanamh gach oíche nó an Dúshlán Teaghlaigh a comhlíonadh!

Obair bhaile nó Dúshlán Teaghlaigh

Má chomhlíonann dalta dúshlán teaghlaigh mar obair bhaile gheobhaidh siad pointe don rang.

Má éiríonn leis an rang > 30 pointe a bhaint amach gheobhaidh an rang pas obair bhaile len úsáid ar lá 1 an tseachtain seo chugainn.

Má éiríonn leis an rang > 45 pointe a bhaint amach gheobhaidh an rang 2 phas obair bhaile len úsáid ar 2 lá an tseachtain seo chugainn.

>30 Pointe Ranga = 1 Pas Obair Bhaile Ranga
>45 Pointe Ranga = 2 Phas Obair Bhaile Ranga
>55 Pointe Ranga = 3 Phas Obair Bhaile Ranga

1. Dúshlán an Luain

Béile Teaghlaigh trí Ghaeilge

An teaghlach ag labhairt Gaeilge ag am dinnéir (tuismitheoirí ag labhairt an oiread Gaeilge agus is féidir)

Gearrthóg físe den teaghlach ag labhairt i nGaeilge ag an mbord - Is féidir le daoine iad féin a chur in aithne, insint dúinn cad atá ar an mbiachlár.....nó rud ar bith eile 'as Gaeilge'

Uaslódáil an gearrthóg físe go Seomra Ranga Google do pháiste (is leor an ghearrthóg chéanna do gach siblín)

2. Dúshlán an Mháirt

Teachtaireacht Gutháin trí Ghaeilge

Taifead teachtaireacht gutha as Gaeilge ar d'fhón póca

Fág teachtaireacht sa sruth i Seomra Ranga Google do pháiste mar dheimhniú go bhfuil sé déanta.

Beimid ag cur glaonna randamacha Dé Céadaoin ar fhóin phóca na dtuismitheoirí le súil go bhfreagrófar an fón as Gaeilge le 'Dia Dhuit' nó má théann sé chuig an meaisín freagartha go gcloisimid teachtaireacht as Gaeilge!

3. Dúshlán an Chéadaoin

Amhrán Gaeilge a chanadh

An teaghlach le véarsa/curfá de 1 de na hamhráin seo a chanadh
Beidh Aonach Amárach

Báidín Fheidhlimí

Trasna na dTonnta

Uaslódáil gearrthóg físe den 'taispeántas' ar Sheomra Ranga Google do pháiste (is leor an ghearrthóg chéanna do gach siblín)

Ádh mór!

Family Challenge Seachtain na Gaeilge

We are setting you some family challenges as part of our Seachtain na Gaeilge school events! We have set three challenges per family, one for Monday, one for Tuesday and another for Wednesday.

The pupils have the choice of having normal homework each night or completing the Family Challenge!

Homework or Family Challenge

If a pupil completes a family challenge as homework they will receive a point for the class.

If the class manages to achieve > 30 points the class will receive a homework pass that they can use on 1 day next week.

If the class manages to achieve > 45 points the class will receive 2 homework passes that they can use on 2 days next week.

>30 Class Points = 1 Class Homework Pass
>45 Class Points = 2 Class Homework passes
>55 Class Points = 3 Class Homework Passes

1. Monday's Challenge

Family Meal through Irish

Family to speak Gaeilge at dinner time (parents to speak as much Irish as they can)

Record a short clip of family speaking Gaeilge at the table - It can be people introducing yourselves, telling us what's on the menu.....or anything else 'as Gaeilge'

Upload video clip to your child's Google Classroom
(same clip will suffice for each sibling)

2. Tuesday's Challenge

Voice Message 'as Gaeilge'

Record a voice message as Gaeilge on your mobile phone

Leave a message in the stream in your child's Google Classroom to confirm that you have done so.

We will be making random calls on Wednesday to parent's mobile phones in the hope that the phone will be answered as Gaeilge with a 'Dia Dhuit' or if it goes to the answer machine that will hear a message as Gaeilge!

3. Wednesday's Challenge

Sing a Song 'as Gaeilge'

Family to sing a verse/chorus of one of the following songs
Beidh Aonach Amárach

Báidín Fheidhlimí

Trasna na dTonnta

Upload video clip of 'performance' to pupils Google Classroom
(same clip will suffice for each sibling)

Good Luck!